Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Bealtaine 2026 (OR. en)**

**8912/26**

**EF 143**
**ECOFIN 579**
**DELACT 85**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 2871 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 5.5.2026 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle tríd an modh a shonrú chun na táillí a ghearrann an tÚdarás Baincéireachta Eorpach a chinneadh chun na samhlacha *pro forma* dá dtagraítear in Airteagal 11(3), an ceathrú fomhír, den Rialachán sin a bhailíochtú, agus lena sonraítear na módúlachtaí chun na táillí sin a íoc |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 2871 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 2871 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.5.2026
C(2026) 2871 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 5.5.2026**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle tríd an modh a shonrú chun na táillí a ghearrann an tÚdarás Baincéireachta Eorpach a chinneadh chun na samhlacha *pro forma* dá dtagraítear in Airteagal 11(3), an ceathrú fomhír, den Rialachán sin a bhailíochtú, agus lena sonraítear na módúlachtaí chun na táillí sin a íoc**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Foilsíodh Rialachán (AE) 2024/2987 ('EMIR 3') lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ('EMIR') in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an 4 Nollaig 2024[1].

Le hAirteagal 11(3), an ceathrú fomhír, de EMIR, arna leasú le EMIR 3, tugtar an cúram don Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) feidhm bailíochtaithe lárnaigh a chur ar bun le haghaidh eilimintí agus ghnéithe ginearálta na samhlacha pro forma, agus le haghaidh na n-athruithe orthu, a úsáidtear nó atá le húsáid ag fothacar contrapháirtithe airgeadais agus neamhairgeadais chun méid na comhthaobhachta atá le malartú a ríomh i ndáil lena bpunanna díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe go lárnach. Dá réir sin, i gcomhréir le hAirteagal 11(12a) de EMIR, arna leasú le EMIR 3, gearrfaidh ÚBE táillí bliantúla, in aghaidh na samhla *pro forma*, ar na contrapháirtithe airgeadais agus neamhairgeadais sin a úsáideann na samhlacha *pro forma* arna mbailíochtú ag ÚBE. I gcomhréir le EMIR, ní mór na táillí a bheith comhréireach le meánmhéid barúlach míosúil gan íoc na ndíorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe go lárnach le 12 mhí anuas de chuid na gcontrapháirtithe lena mbaineann a úsáideann na samhlacha *pro forma* arna mbailíochtú ag ÚBE agus ní mór iad a shannadh chun na costais uile a chumhdach arna dtabhú ag ÚBE as a chúraimí a dhéanamh i ndáil le samhlacha *pro forma* a bhailíochtú.

Le hAirteagal 11(12a) de EMIR, arna leasú le EMIR 3, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh chun na cineálacha táillí a shonrú a thuilleadh, tríd an modh chun méid na dtáillí a chinneadh agus na módúlachtaí chun na táillí a íoc a leagan amach.

Tá an gníomh tarmligthe le glacadh i gcomhréir le hAirteagal 82 de EMIR agus le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

***Gnéithe nós imeachta***

An 31 Iúil 2024, chuir an Coimisiún iarraidh shealadach faoi bhráid ÚBE ar chomhairle theicniúil maidir le gníomh tarmligthe a d'fhéadfadh a bheith ann lena sonrófaí an modh chun méid na dtáillí a chinneadh, agus na módúlachtaí chun na táillí sin a íoc, ar táillí iad a bheidh le híoc ag contrapháirtithe airgeadais agus neamhairgeadais a bhfuil gá acu le bailíochtú samhlacha *pro forma* faoin Rialachán maidir le Bonneagar Margaidh Eorpach.

Chuaigh ÚBE i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus d'iarr sé barúlacha maidir leis na gnéithe seo a leanas: i) raon feidhme na gcúraimí nua agus na gcostas comhfhreagrach a bhfuil coinne leo ó ról nua ÚBE mar bhailíochtóir lárnach samhlacha *pro forma*; ii) ríomh mheánmhéid barúlach míosúil gan íoc na ndíorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe go lárnach le 12 mhí anuas; agus iii) na modhanna ríofa táillí agus na módúlachtaí íocaíochta. Tar éis an chomhairliúcháin, d'ullmhaigh ÚBE comhairle theicniúil agus chuir sé chuig an gCoimisiún í an 16 Meitheamh 2025. I gcás samhail nua *pro forma* a n-iarrann contrapháirtithe bailíochtú ÚBE ina leith, molann ÚBE méid seasta costas a shocrú de EUR 500 000 in aghaidh na bliana féilire den chéad bhailíochtú ÚBE.

An 6 Lúnasa 2025, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le Sainghrúpa an Choiste Eorpaigh um Urrúis maidir le hábhar sealadach an ghnímh tharmligthe seo. Tá ionadaithe ó na Ballstáit, ón mBanc Ceannais Eorpach agus ó ESMA i Sainghrúpa an Choiste Eorpaigh um Urrúis.

[1] IO L, 2024/2987, lch. 1.

***Tuairimí na bpáirtithe leasmhara***

Ar an iomlán, ba dhíol sásaimh do fhreagróirí na gcomhairliúchán thuasluaite gur bunaíodh feidhm bailíochtaithe lárnaigh, lena n-áirithítear próiseas bailíochtaithe aonfhoirmeach laistigh den Aontas. Chuir roinnt freagróirí i dtábhacht go bhféadfadh an cur chuige atá beartaithe maidir le táillí a shannadh bunaithe ar mheánmhéid barúlach beacht 12 mhí a bheith níos costasaí agus níos troime ná mar is gá. Agus an ceanglas sainráite in Airteagal 11(12a) de EMIR á chur san áireamh go mbeidh an táille '*comhréireach le meánmhéid barúlach míosúil gan íoc na ndíorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe go lárnach le 12 mhí anuas de chuid na gcontrapháirtithe lena mbaineann a úsáideann na samhlacha pro forma*' agus ag aithint mar sin féin nach mór ualach riaracháin ar chontrapháirtithe nach bhfuil gá leis a laghdú, tá sé beartaithe dhá mhodh mhalartacha a thabhairt isteach chun an méid barúlach sin a mheas.

Foilsíodh an dréachtghníomh tarmligthe ar Thairseach an Choimisiúin um Rialáil Níos Fearr agus fágadh ar foilsiú é ón 12 Feabhra go dtí an 12 Márta 2026, tréimhse nár cuireadh ach líon teoranta barúlacha ar fáil lena linn. Go háirithe, d'iarr an Comhlachas Idirnáisiúnta um Babhtálacha agus Díorthaigh soiléireacht maidir le cé acu a bhí nó nach raibh na méideanna éarlaise tosaigh a úsáideadh chun na meánluachanna méid bharúlaigh a chinneadh cothrom leo siúd arna ríomh ag an gcontrapháirtí mar pháirtí urraithe; is amhlaidh atá go deimhin, mar sin leasaíodh an téacs chun é sin a shoiléiriú. Léirítear barúlacha eile freisin, inar moladh roinnt athruithe eagarthóireachta, sa leagan den ghníomh tarmligthe a glacadh.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leagtar síos le hAirteagal 1 na prionsabail ghinearálta ba cheart do ÚBE a leanúint agus táillí a bhaineann le feidhmiú a fheidhme bailíochtaithe á ríomh agus á mbailiú aige.

Sonraítear le hAirteagal 2 an chaoi ar cheart do ÚBE meastachán a dhéanamh ar a chostais fhoriomlána bhliantúla a bhaineann le feidhmiú a fheidhme bailíochtaithe.

Sonraítear le hAirteagal 3 an chaoi ar cheart do chontrapháirtithe a meánmhéid barúlach a ríomh chun na táillí a bheidh le híoc as bailíochtú na samhlacha *pro forma* a úsáideann siad a chinneadh.

Sonraítear le hAirteagal 4 na táillí atá le híoc ag contrapháirtithe go tráthrialta.

Sonraítear le hAirteagal 5 na táillí atá le híoc ag contrapháirtithe a úsáideann samhail *pro forma* a bhí in úsáid cheana féin roimh theacht i bhfeidhm EMIR 3.

Sonraítear in Airteagal 6 na táillí atá le híoc sna chéad bhlianta tar éis samhail nua *pro forma* a thabhairt isteach agus tar éis an iarratais ar bhailíochtú na samhla sin.

Déantar foráil le hAirteagal 7 maidir leis na módúlachtaí ginearálta chun táillí ÚBE a íoc.

Sonraítear le hAirteagal 8 an fhaisnéis atá le cur in iúl do ÚBE chun táillí ÚBE a chinneadh.

Leagtar síos le hAirteagal 9 dáta theacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 5.5.2026**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle tríd an modh a shonrú chun na táillí a ghearrann an tÚdarás Baincéireachta Eorpach a chinneadh chun na samhlacha *pro forma* dá dtagraítear in Airteagal 11(3), an ceathrú fomhír, den Rialachán sin a bhailíochtú, agus lena sonraítear na módúlachtaí chun na táillí sin a íoc**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála[2], agus go háirithe Airteagal 11(12a), an seachtú fomhír de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart an táille bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 11(12a), an cúigiú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a bheith ard go leor chun na costais dhíreacha agus indíreacha uile a chumhdach arna dtabhú ag an Údarás Baincéireachta Eorpach (‘ÚBE’) as na samhlacha *pro forma* dá dtagraítear in Airteagal 11(3), an ceathrú fomhír, den Rialachán sin a bhailíochtú. Ba cheart na táillí uile a ghearrtar a shocrú ar leibhéal lena seachnófaí easnamh nó carnadh mór barrachais. I gcás ina n-éiríonn toradh suntasach ar an mbuiséad athfhillteach, bíodh sé dearfach nó diúltach, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéal na dtáillí.

(2) Le Rialachán (AE) 2024/2987 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], tugadh isteach an oibleagáid go ndéanfadh ÚBE na samhlacha *pro forma* dá dtagraítear in Airteagal 11(3), an ceathrú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a bhailíochtú. Mar sin féin, roinnt de na contrapháirtithe a rinne conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL, bhí samhlacha *pro forma* á n-úsáid acu sular tháinig an Rialachán sin i bhfeidhm. Is iomchuí, dá bhrí sin, modheolaíocht shonrach a cheapadh chun na táillí atá dlite as bailíochtú na samhlacha *pro forma* sin a ríomh.

(3) Leagtar síos ceanglas le hAirteagal 11(12a), an cúigiú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 go mbeidh an táille bhliantúil atá le híoc le ÚBE comhréireach le meánmhéid barúlach míosúil gan íoc na n-idirbheart díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe go lárnach le 12 mhí anuas de chuid na gcontrapháirtithe lena mbaineann. Ba cheart do chontrapháirtithe cur chuige barúlach na punainne coibhéisí a

2 IO L 201, 27.7.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/648/oj.

3 Rialachán (AE) 2024/2987 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 575/2013 agus (AE) 2017/1131 a mhéid a bhaineann le bearta chun neamhchosaintí iomarcacha ar chontrapháirtithe lárnacha tríú tír a mhaolú agus chun éifeachtúlacht mhargaí imréitigh an Aontais a fheabhsú (IO L, 2024/2987, 4.12.2024, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2987/oj).

úsáid chun an meánmhéid barúlach a chinneadh. Ba cheart cead a bheith ag contrapháirtithe cur chuige malartach a úsáid, ar choinníoll gur féidir leo údar a thabhairt dá n-údarás inniúil leis an gcur chuige malartach sin a roghnú.

(4) I gcás samhlacha nua *pro forma*, níl meánmhéid barúlach míosúil gan íoc ann go fóill is féidir a úsáid chun an costas a leithdháileadh go comhréireach ar na contrapháirtithe uile a úsáideann an tsamhail nua *pro forma* sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, don chéad bhliain ina n-úsáidtear an tsamhail nua *pro forma*, táille chomhionann sheasta a ghearradh ar na contrapháirtithe sin in aghaidh na samhla nua *pro forma*. Le hAirteagal 11(12a), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, áfach, tugtar 6 mhí do ÚBE tar éis dó an t-iarratas ar bhailíochtú na samhla nua *pro forma* sin a fháil chun an tsamhail sin a bhailíochtú, rud a fhágann go bhféadfadh sé nach mbailíochtófaí samhail *pro forma* go dtí an bhliain tar éis an iarratais ar bhailíochtú. Dá bhrí sin, ba cheart do ÚBE a bheith in ann an táille sheasta a ghearradh freisin le haghaidh na bliana ina ndéantar an tsamhail *pro forma* a bhailíochtú iarbhír. Maidir leis an mbliain tar éis na bliana ina ndeonaítear an chéad bhailíochtú, ba cheart modheolaíocht foistine a bhunú chun na táillí atá dlite a chinneadh.

(5) Chun é a chur ar a chumas do ÚBE an táille bhliantúil a ríomh go cruinn, ba cheart do chontrapháirtithe a úsáideann samhlacha *pro forma* atá faoi réir bailíochtú ag ÚBE an fhaisnéis uile a bhfuil gá ag ÚBE léi chun an táille sin a ríomh a sheoladh chuig ÚBE go tráthúil,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
**Táille bhliantúil bunaithe ar aisghabháil costais iomláin agus i gcomhréir le samhail bhainistíochta atá bunaithe ar ghníomhaíochtaí**

An táille bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 11(12a), an cúigiú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, beidh sí bunaithe ar an dá rud seo a leanas:

(a) prionsabal na haisghabhála costais iomláin;

(b) an meánmhéid barúlach arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 3.

*Airteagal 2*
**Meastachán ar na costais fhoriomlána bhliantúla a thabhóidh ÚBE mar gheall ar bhailíochtú samhlacha *pro forma***

Gach bliain, chun méid foriomlán na dtáillí a chinneadh atá le gearradh ag ÚBE de bhun Airteagal 11(12a), an cúigiú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, cuirfidh ÚBE san áireamh an caiteachas díreach agus indíreach a thabhóidh sé an bhliain sin le haghaidh na nithe seo a leanas:

(a) bailíochtú na samhlacha *pro forma*, lena n-áirítear athruithe orthu;

(b) forbairt agus coinneáil ar bun uirlisí staidrimh agus TF chun tacú le feidhm bhailíochtaithe samhlacha *pro forma*;

(c) ríomh, sonrascadh agus bailiú na táille bliantúla;

(d) aon ghníomhaíocht eile lena dtacaítear le feidhm bhailíochtaithe samhlacha *pro forma*.

*Airteagal 3*

**Meánmhéid Barúlach**

1. Chun an táille bhliantúil a ríomh atá dlite do ÚBE ag gach contrapháirtí atá faoi réir na hoibleagáide a shamhlacha *pro forma* a bhailíochtú, déanfaidh gach contrapháirtí a úsáideann samhail *pro forma*, nó a dhéanann iarratas ar bhailíochtú chun samhail *pro forma* a úsáid, de réir mar is infheidhme, an meánmhéid barúlach a ríomh trí mheánmhéid barúlach míosúil na ndíorthach nach bhfuil imréitithe go lárnach a fháil trí shamhail *pro forma* ar leith a úsáid i gcaitheamh na tréimhse tagartha lena mbaineann. Déanfaidh na contrapháirtithe sin gach méid barúlach míosúil a ríomh ón lá gnó deireanach den mhí áirithe sin, agus úsáid á baint as modh barúlach na punainne coibhéisí a leagtar amach i mír 4 nó na cineálacha cur chuige malartacha a leagtar amach i mír 5 nó mír 7, de réir mar is infheidhme. Féadfaidh contrapháirtí punanna nach mbailíonn sé éarlaisí tosaigh ina leith a eisiamh ó ríomh an mheánmhéid bharúlaigh mar thoradh ar chur i bhfeidhm an mhaolaithe a leagtar síos in Airteagal 29(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 ón gCoimisiún[4]. Contrapháirtí a roghnaíonn punanna den sórt sin a eisiamh, soláthróidh sé an líon punann a d'eisiaigh sé mar chuid den fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 8(1) den Rialachán seo.

2. Chun críocha Airteagal 4, is éard a bheidh sa tréimhse thagartha an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig sa bhliain roimh an dáta billeála a shonraítear i gcomhréir le hAirteagal 7.

3. Chun críocha Airteagal 5, is éard a bheidh sa tréimhse thagartha na 12 mhí roimh an dáta a d'fhógair ÚBE go poiblí go bhfuil a fheidhm bailíochtaithe lárnach curtha ar bun aige ('dáta ullmhachta ÚBE').

4. I gcás gach míosa den tréimhse thagartha dá dtagraítear i mír 1, ríomhfaidh contrapháirtithe an méid barúlach míosúil trí mhéid na héarlaise tosaigh arna ríomh leis an tsamhail *pro forma* le haghaidh na punainne ábhartha a chomhshó ina mhéid barúlach punainne coibhéisí i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$Barúlach_m = \frac{ÉT(Ráta\ úis, boilsciú, FX)}{6\%} + \frac{ÉT(Creidmheas)}{10\%} + \frac{ÉT(Cothromas)}{15\%} + \frac{ÉT(Tráchtearra)}{15\%} + \frac{ÉT(eile)}{15\%}$$

i gcás ina bhfuil an méid seo amhlaidh:

- *m* = an t-innéacs lena gcuirtear mí na tréimhse tagartha in iúl;
- *A* = an t-innéacs lena gcuirtear aicme nó aicmí na gconarthaí díorthach in iúl;
- *ÉT(A)* = méid iomlán na héarlaise tosaigh le haghaidh idirbhearta díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe go lárnach in aicme *A*, arna ríomh ar an lá gnó deireanach den mhí a ndéantar an méid barúlach míosúil a ríomh ina leith, agus úsáid á baint as an tsamhail *pro forma*, arna chomhshó in euro.

5. De rogha air sin, maidir le gach mí den tréimhse thagartha dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh contrapháirtithe a chinneadh an fhoirmle seo a leanas a úsáid chun méid iomlán na

[4] Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála maidir le teicnící um maolú riosca le haghaidh conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag contrapháirtí lárnach (IO L 340, 15.12.2016, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2016/2251/oj).

héarlaise tosaigh arna ríomh de réir aicme sócmhainní le haghaidh na punainne ábhartha a chomhshó ina mhéid barúlach punainne coibhéisí:

$$Mí_Bharúlach'_m = \frac{ÉT'(Ráta\ úis, boilsciú, FX)}{6\%} + \frac{ÉT'(Creidmheas)}{10\%} + \frac{ÉT'(Cothromas)}{15\%} + \frac{ÉT'(Tráchtearra)}{15\%} + \frac{ÉT'(eile)}{15\%}$$

i gcás ina bhfuil an méid seo amhlaidh:

- $m$ = an t-innéacs lena gcuirtear mí na tréimhse tagartha in iúl;
- $A$ = an t-innéacs lena gcuirtear aicme nó aicmí na gconarthaí díorthach in iúl;
- *ÉT'(A)* = méid iomlán na héarlaise tosaigh le haghaidh idirbhearta díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe go lárnach in aicme $A$, arna ríomh ar an lá gnó deireanach den mhí a ndéantar an méid barúlach míosúil a ríomh ina leith, arna chomhshó in euro.

Féadfaidh contrapháirtithe rogha a dhéanamh an fhoirmle sin a úsáid ar choinníoll gur féidir leo údar cuí a thabhairt dá n-údarás inniúil leis an rogha.

6. Chun críocha mhíreanna 4 agus 5, agus méideanna á gcomhshó in euro, úsáidfidh contrapháirtithe an ráta tagartha malairte eachtraí euro arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach ar an lá gnó deireanach den mhí a ríomhtar an méid barúlach míosúil ina leith.

7. De mhaolú ar mhíreanna 4 agus 5, féadfaidh contrapháirtí ag a bhfuil meánmhéid barúlach 12 mhí faoi bhun EUR 3 000 billiún meastachán a dhéanamh go mbeidh gach méid barúlach míosúil ar cheann díobh siúd a shonraítear sa tábla thíos, fad is gur féidir leis a léiriú dá údarás inniúil go bhfuil an méid barúlach iarbhír níos ísle ná an méid a roghnaíodh:

| Tairseach rialála | Méid barúlach |
|---|---|
| 1 | EUR 3 000 billiún |
| 2 | EUR 2 250 billiún |
| 3 | EUR 1 500 billiún |
| 4 | EUR 750 billiún |
| 5 | EUR 50 billiún |
| 6 | EUR 8 mbilliún |

*Airteagal 4*

**Táillí bailíochtúcháin bliantúla**

1. Le haghaidh gach samhla *pro forma* a bhailíochtaítear ón 1 Eanáir de bhliain ar leith agus a úsáideann contrapháirtí nó a ndéanann sé iarratas ar bhailíochtú ina leith i gcomhréir le hAirteagal 11(3), an ceathrú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 sa bhliain sin, íocfaidh an contrapháirtí táille le ÚBE mar a leanas:

$$Táille_{n,b,p} = EUR\,200 + uasmhéid\left(\frac{Costais\ ÚBE_b}{An\ líon\ samhlacha_b} * \frac{Meánmhéid\ Barúlach_{n,p}}{Meánmhéid\ Barúlach_{Iomlán,p}} - EUR\,200; 0\right)$$

i gcás ina bhfuil an méid seo amhlaidh:

- $n$= an t-innéacs lena gcuirtear an contrapháirtí in iúl a bhfuil samhail *pro forma p* in úsáid aige, nó a bhfuil iarratas á dhéanamh aige ar bhailíochtú chun í a úsáid, de réir mar is infheidhme;
- $b$ = an t-innéacs lena gcuirtear an bhliain tagartha in iúl;
- $p$ = an líon samhlacha *pro forma* arna mbailíochtú ag ÚBE ón 1 Eanáir den bhliain *b*;
- $Costais\ ÚBE_b$ = an méid arna mheas i gcomhréir le hAirteagal 2 le haghaidh na bliana *b* le haghaidh samhlacha *pro forma* arna mbailíochtú ag ÚBE ón 1 Eanáir den bhliain sin;
- $An\ líon\ samhlacha_b$ = an líon samhlacha *pro forma* arna mbailíochtú ag ÚBE ón 1 Eanáir den bhliain b, ar íosráta 1;
- $Meánmhéid\ Barúlach_{n,p}$ an méid arna ríomh ag contrapháirtí n, le haghaidh na samhla *pro forma p*, i gcomhréir le hAirteagal 3;
- $Meánmhéid\ Barúlach_{Iomlán,p} = \sum_n Meánmhéid\ Barúlach_{n,p}$.

2. Samhlacha *pro forma* atá faoi réir na táille dá dtagraítear in Airteagal 6, d'ainneoin a mbailíochtaithe, ní chuirfear san áireamh iad sa ríomh a leagtar amach i mír 1.

3. De mhaolú ar mhír 1, contrapháirtí a thiocfaidh faoi réir an cheanglais iarratas a dhéanamh ar bhailíochtú ar shamhail *pro forma* tar éis an 31 Márta de bhliain ar leith, ní íocfaidh sé aon táille le haghaidh na bliana sin as an tsamhail *pro forma* sin.

*Airteagal 5*

**Táille bhliantúil chun samhail *pro forma* a bhí in úsáid cheana féin roimh an 24 Nollaig 2024 a bhailíochtú**

1. De mhaolú ar Airteagal 4, maidir le samhail *pro forma* a bhí in úsáid cheana féin roimh an 24 Nollaig 2024, le haghaidh na tréimhse ó dháta ullmhachta ÚBE go dtí deireadh bhliain dháta ullmhachta ÚBE, contrapháirtí atá faoi réir an cheanglais, faoi dháta ullmhachta ÚBE, iarratas a dhéanamh ar bhailíochtú chun an tsamhail *pro forma* sin a úsáid, nó athrú a ghlacadh uirthi, i gcomhréir le hAirteagal 11(3), an ceathrú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, íocfaidh sé táille bhliantúil le ÚBE mar a leanas:

$$Táille_n = EUR\,200 + uasmhéid\left(Costais\ ÚBE * \frac{Meánmhéid\ Barúlach_n}{Meánmhéid\ Barúlach_{Iomlán}} - EUR\,200; 0\right)$$

i gcás ina bhfuil an méid seo amhlaidh:

- $n$ = an t-innéacs lena gcuirtear in iúl an contrapháirtí atá faoi réir an cheanglais iarratas a dhéanamh ar bhailíochtú chun an tsamhail *pro forma* sin a úsáid, nó athrú a ghlacadh

uirthi, i gcomhréir le hAirteagal 11(3), an ceathrú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 faoi dháta ullmhachta ÚBE;

- $Costais\,ÚBE$ = an méid, arna shloinneadh in euro, arna mheas i gcomhréir le hAirteagal 2 ó dháta ullmhachta ÚBE go dtí deireadh bhliain dháta ullmhachta ÚBE;
- $Meánmhéid\,Barúlach_n$ = an méid arna ríomh ag contrapháirtí n i gcomhréir le hAirteagal 3;
- $Meánmhéid\,Barúlach_{Iomlán} = \sum_n Meánmhéid\,Barúlach_n$.

2. Contrapháirtí a thagann faoi réir an cheanglais iarratas a dhéanamh ar bhailíochtú chun samhail *pro forma* a úsáid a bhí in úsáid cheana féin roimh an 24 Nollaig 2024 tar éis dháta ullmhachta ÚBE, ní íocfaidh sé aon táille le haghaidh na bliana áirithe sin.

*Airteagal 6*

**Táille bhliantúil chun samhail *pro forma* nach raibh in úsáid cheana féin roimh an 24 Nollaig 2024 a bhailíochtú**

1. Gach contrapháirtí a dhéanfaidh iarratas ar bhailíochtú samhla *pro forma* i gcomhréir le hAirteagal 11(3), an ceathrú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus nach raibh in úsáid cheana féin roimh an 24 Nollaig 2024, íocfaidh sé táille le ÚBE mar a leanas:

$$Táille_n = \frac{EUR\ 500\ 000}{An\ líon\ iomlán\ contrapháirtithe}$$

i gcás ina bhfuil an méid seo amhlaidh:

- $n$= an t-innéacs lena gcuirtear in iúl an contrapháirtí a bhfuil iarratas ar bhailíochtú á dhéanamh aige chun an tsamhail *pro forma* a úsáid;
- $An\ líon\ iomlán\ contrapháirtithe$ = an líon contrapháirtithe a bhfuil iarratas á dhéanamh acu chun samhail nua *pro forma* a úsáid faoin 31 Iúil den bhliain áirithe sin.

2. I gcás ina dtiocfaidh deireadh leis an tréimhse bhailíochtúcháin 6 mhí a shonraítear in Airteagal 11(12a), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 sa bhliain tar éis na bliana ina bhfuarthas an chéad iarratas ar bhailíochtú tosaigh na samhla nua *pro forma* ('an bhliain ina dhiaidh sin'), féadfaidh ÚBE rogha a dhéanamh leanúint den fhoirmle a leagtar amach i mír 1 a chur i bhfeidhm chun na táillí don bhliain ina dhiaidh sin a ríomh.

I gcás ina bhfeidhmíonn ÚBE an rogha sa chéad fhomhír, úsáidfidh sé an líon contrapháirtithe a úsáideann an tsamhail *pro forma*, nó a rinne iarratas ar bhailíochtú chun í a úsáid, faoin 31 Iúil den bhliain ina dhiaidh sin mar 'An líon iomlán contrapháirtithe' san fhoirmle a leagtar síos i mír 1.

3. Féadfaidh ÚBE a chinneadh gan an táille dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghearradh le haghaidh na bliana ina bhfaightear an chéad iarratas ar bhailíochtú na samhla *pro forma*, i gcás nach mbeadh sé indéanta go hoibríochtúil na táillí a bhailiú ar an mbealach a leagtar amach in Airteagal 7.

4. I gcás ina n-úsáideann contrapháirtí roinnt samhlacha *pro forma*, íocfar an táille a ríomhtar i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo le haghaidh na samhla *pro forma* atá faoi réir bailíochtú tosaigh i dteannta na táille a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 4 le haghaidh gach samhla *pro forma* eile a úsáideann an contrapháirtí.

5. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh ÚBE, le haghaidh na táille a ríomhtar i gcomhréir leis an Airteagal seo, an méid EUR 500 000 san fhoirmle a leagtar síos sa mhír

sin a mhéadú suas le méid atá comhionann leis na costais iomlána a mheastar i gcomhréir le hAirteagal 2 le haghaidh samhail *pro forma*.

*Airteagal 7*
**Táillí bailíochtúcháin bliantúla a íoc**

1. Contrapháirtithe atá faoi réir na hoibleagáide a samhlacha *pro forma* a bhailíochtú le haghaidh bliain ar leith, déanfaidh ÚBE iad a shonrascadh le haghaidh na dtáillí dá dtagraítear in Airteagail 4, 5 agus 6, de réir mar is infheidhme, le linn na bliana féilire sin.

2. An sprioc-am íocaíochta, is é sin 45 lá féilire ón dáta a chlárófar an méid is infhaighte i gcuntais ÚBE. Is in euro a bheidh na táillí iníoctha.

3. Tabhófar le haon íocaíocht dhéanach an t-ús mainneachtana a leagtar síos in Airteagal 99 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5].

4. An chumarsáid idir ÚBE agus na contrapháirtithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, déanfar í tríd an mbunachar sonraí lárnach arna bhunú ag ESMA de bhun Airteagal 17c de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 nó trí aon mhodh leictreonach eile i gcás nach bhfuil an bunachar sonraí lárnach sin ar fáil.

*Airteagal 8*
**Faisnéis atá le cur in iúl do ÚBE**

1. Gach bliain, contrapháirtithe a úsáideann samhail bhailíochtaithe *pro forma* nó a dhéanann iarratas ar bhailíochtú samhlacha *pro forma*, cuirfidh siad ar fáil do ÚBE na heilimintí uile is gá chun na táillí dá dtagraítear in Airteagail 4, 5 agus 6, de réir mar is infheidhme, a ríomh, lena n-áirítear an fhaisnéis maidir leis an meánmhéid barúlach dá dtagraítear in Airteagal 3 agus sonraí airgeadais an chontrapháirtí is gá le haghaidh an phróisis billeála.

2. Chun críocha mhír 1, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) le haghaidh bhliain dháta ullmhachta ÚBE, baileoidh ÚBE na heilimintí is gá chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

 (i) na táillí dá dtagraítear in Airteagal 5 a ríomh;

 (ii) na billí a eisiúint tráth nach déanaí ná an 31 Deireadh Fómhair den bhliain sin;

(b) le haghaidh na mblianta tar éis dháta ullmhachta ÚBE, cuirfidh na contrapháirtithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo in iúl do ÚBE na heilimintí is gá chun na táillí dá dtagraítear in Airteagail 4 agus 5, de réir mar is infheidhme, a ríomh faoin 31 Márta;

(c) i gcás na dtáillí dá dtagraítear in Airteagal 6, baileoidh ÚBE an fhaisnéis chun na táillí sin a ríomh agus eiseoidh sé na billí comhfhreagracha faoi dháta oiriúnach, agus forálacha Airteagal 7 á gcur san áireamh.

---

[5] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj)

*Airteagal 9*
**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5.5.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*